Tuairisc aontaithe curtha ar fáil d'fhoireann na scoile agus tuismitheoirí/caomhnóirí:

Cruinniú Bord Bainistíochta 6ú Iúil 2020

1.

Do dhein an cathaoirleach seasamhach tréaslú le pobal na scoile, na múinteoirí gach go háirithe, as na dúshláin a bhaineann le Covid 19 a láimhseáil.

2.

Halla Spóirt?

Suíomh?

Tréimhse ama?

Gníomhaiocht / Moltaí ag éirí astu:

Dúradh go raibh an Bord 'aon ghuth maidir le halla spóirt mór a lorg. Beartaíodh go dtabharfadh an rúnaí an tuairim seo chuig an chruinniú ar an 9-07-20.

3.

Do léigh an Rúnaí tuairisc ar na nithe seo a leanas:

Mí Iúil sroichte agus bóthar fada romhainn fós.

Sin ráite, tréaslaím le pobal na scoile as comhoibriú agus deireadh a chur leis an scoilbhliain go críochniúil sa deireadh. Ina measc:

Cuireadh scrúduithe agus measúnuithe ar siúl, lean an obair go dtí an deireadh; fágadh slán le bliain a sé. Táim dóchasach go mbeimid sách maith réidh don "fhoghlaim chumaisc" san fhómhar.

Níor éirigh le roinnt daltaí teacht ar an obair; bhí easnaimh sa teagmháil ag amanta áirithe; bhí bearnaí sa chúram a bhí déanta do dhaltaí a bhíonn leochaileach agus fé bhrú. Tá an t-aiseolas a bhfuaireamar úsáideach agus luachmhar agus beimid in ann foghlaim as agus feabhsú. Tá an cuar foghlama beo agus géar ach táimid réidh dó agus ar ár ndícheall. Éireoidh linn.

<u>Grádú</u>

Dúshlánach, talamh nua ach d'éirigh linn an beart a dhéanamh. Fágtar ag an ROS é a láimhseáil anois. Beidh torthaí ag na daltaí thart ar lár mí Lúnasa.

Tá teagmháil leanúnach faoi phrintíseachtaí, cúrsaí ag an 3ú leibhéal (cáiliú Ghaeltachta don bhunmhúinteoireacht srl.).

Tuairisc aontaithe curtha ar fáil d'fhoireann na scoile agus tuismitheoirí/caomhnóirí:

.

Athoscailt

- Plean athoscailte (LDS, SÓHI, MM, LPO, PO).
- (ón mBOOC) Féindhearbhú roimh teacht isteach.
- Seomra stórála (PPE srl., áit le dul do dhuine atá tinn).
- Doirtil taobh amuigh.
- Uisce te.
- Díghalrán lámh, trealamh glantóireachta, comharthaí i ngach seomra.
- Uaireanta an chloig sa bhreis á lorg chun lár an lae a chlúdach (leithrisí, bínsí sa tionól).
- Boird cearnógacha á lorg.
- Maoin á lorg do théastar taobh amuigh.
- Gnáth tráthclár á dhearadh.
- Obair an tSamhraidh, iarratas ar mhaoin.

Gníomhaiocht / Moltaí ag éirí astu:

- Mhol SNíL visor an duine do mhúinteoirí agus gur chóir go mbeadh an díghalrán ceart á ordú. Dúirt an rúnaí go mbeadh sé sásta le aon mholadh nó tacaíocht i dtaobh Covid 19.

FOIRGNEAMH / SÍNEADH (luaite thuas)

IDIRBHLIAIN:

- Craobh i gClár na gComhlachtaí sroichte ag na daltaí ach níor éirigh leo. Sár-iarracht déanta (R)
- Gaelbhratach gnóthaithe ag Coiste na Gaoluinne (daltaí éagsúla, Chuireamar isteach ar an scéim ag tús na bliana agus tháinig Edel chuig an scoil chun treoracha a thabhairt dóibh, an coiste Gaoluinne. Bhí orthu plean bliana a chur le chéile, suirbhé ar dhaltaí, srl agus iad a stóráil ar Google Docs. Is aitheantas é seo dos na gníomhaíochtaí atá ar siúl sa scoil, seomra caidrimh, comórtas labhairt na Gaoluinne agus na rudaí a bhí eagraithe do sheachtain na

Tuairisc aontaithe curtha ar fáil d'fhoireann na scoile agus tuismitheoirí/caomhnóirí:

Gaeilge ach nár éirigh leo rith sa deireadh. Caithfidh siad rudaí nua a dhéanamh gach bliain as seo amach chun an t–aitheantas seo a choiméad. ANÍCHU

MÚINTEOIRÍ:

- 5 ceapachán nua: Eolaíocht, Innealtóireacht, Ealaín, Foirgníocht, Gairmthreoir.
    - Gaoluinn acu go léir.

Molta:

Cuidithe:

Dáta Aontaithe don Chéad Chruinniú Eile: 3-09-20